



CÚIRT  
INIÚCHÓIRÍ  
NA hEORPA

GA

# Tuairim 05/2022

(de bhun Airteagal 287(4), CFAE)

maidir leis an togra ó Oifig  
an Ionchúisitheora Phoiblí  
Eorpaigh le haghaidh leasú  
ar choinníollacha  
fostaíochta na  
nIonchúisitheoirí  
Tarmligthe Eorpacha  
d'fhonn liúntas na leanaí  
cleithiúnacha a thabhairt  
isteach ina luach saothair

# Ábhar

	Alt
<b>Réamhrá</b>	<b>01</b>
<b>Barúlacha ginearálta</b>	<b>02</b>
<b>Barúlacha sonracha</b>	<b>03-05</b>
<b>Córas rialaithe</b>	<b>03-04</b>
<b>Riachtanais bhuiséadacha</b>	<b>05</b>

TÁ CÚIRT INIÚCHÓIRÍ AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 287(4) de,

Ag féachaint do [Rialachán \(AE\) Uimh. 2017/1939 ón gComhairle](#) an 12 Deireadh Fómhair 2017, lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE),

Ag féachaint do [Chinneadh ón gColáiste 001/2020 ó OIPE](#) an 29 Meán Fómhair 2020, arna leasú agus arna fhorlíonadh, lena leagtar síos rialacha maidir le Coinníollacha fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha,

Ag féachaint don iarratas a chuir OIPE ar aghaidh chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an 25 Aibreán 2022 ar thuairim maidir lena togra le haghaidh leasú ar Choinníollacha fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha d'fhonn liúntas na leanaí cleithiúnacha a thabhairt isteach ina luach saothair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ní íocann OIPE liúntais linbh chleithiúnaigh le nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha faoi láthair, ach faigheann na fostaithe seo [lacáistí cánach AE](#) a ghabhann leis ina dtuarastal.
- (2) I mbreithiúnas<sup>1</sup> ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, deimhníodh go teagmhasach, nach bhfuil fostaithe nach bhfuil i dteideal liúntas linbh chleithiúnaigh a fháil óna bhfostóir AE i dteideal na lacáistí cánach comhfhreagracha ar a dtuarastal AE, dá bhforáiltear i [Rialachán \(CEE, Euratom, CEGC\) Uimh. 260/68 ón gComhairle](#) an 29 Feabhra 1968, lena leagtar síos na coinníollacha agus an nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm na cánach chun sochar na gComhphobal Eorpach.

TAR ÉIS AN TUAIRIM SEO A LEANAS A GHLACADH:

---

<sup>1</sup> Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Dara Dlísheomra) an 12 Márta 2020 i gcás T-484/18.

## Réamhrá

**01** Molann OIPE go n-athrófaí Airteagail 14 agus 16 dá Cinneadh ón gColáiste 001/2020 lena leagtar síos rialacha maidir le coinníollacha fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha (EDPanna) chun liúntais linbh chleithiúnaigh a chur san áireamh i luach saothair EDPanna.

- (1) In Airteagal 14, mír (1), cuirtear isteach foráil nua tar éis an litir b): “b<sup>1</sup>) na liúntas linbh chleithiúnaigh dá dtagraítear in Airteagal 67 agus larscríbhinn VII na Rialachán Foirne, a mbeidh feidhm acu de réir analaí;”
- (2) In Airteagal 16, leasaítear mír (2) mar seo a leanas: “Chun críche mhír (1) is éard a bheidh sa luach saothair foriomlán arna íoc ag OIPE ná na méideanna a luaitear in Airteagal 14 (1) a), b) agus b<sup>1</sup>).”

## Barúlacha ginearálta

**02** Níl aon bharúlacha ginearálta ag an gCúirt i ndáil leis an leasú atá molta ag OIPE.

## Barúlacha sonracha

### Córas rialaithe

**03** I míreanna 1 go 7 d’Airteagal 2, larscríbhinn VII a ghabhann leis na [Rialachán Foirne](#), sainítear na coinníollacha incháilitheachta atá le comhlíonadh chun liúntais linbh chleithiúnaigh AE a fháil. Luaitear an méid seo a leanas i mír 2 d’Airteagal 67: “Oifigh a mbeidh liúntais teaghlaigh a shonraítear san Airteagal seo á bhfáil acu, ní mór dóibh aon liúntais den chineál céanna arna n-íoc leo as foinsí eile a dhearbhú; bainfear na liúntais sin ó na cinn a íocfar faoi Airteagail 1, 2 agus 3 d’larscríbhinn VII”.

**04** Tarraingimid aird ar an ngá atá le córas rialaithe chun a áirithiú go ndéanann EDPanna athruithe a dhearbhú ar a dteidlíocht ar liúntais leanaí agus aon liúntais den chineál céanna a fhaigheann siad ó áiteanna eile; agus go ndéantar na liúntais sin a fhaightear ó áiteanna eile a asbhaint de réir mar is gá óna liúntais leanaí cleithiúnacha AE.

## Riachtanais bhuiséadacha

**05** Beidh méadú ar chaiteachas i gceist leis an athrú ar luach saothair a nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha. Tugaimid ar aire go ndearna seirbhísí iniúla an Choimisiún é seo a mheas ar luach níos lú ná €800 000 in aghaidh na bliana (sula mbreathnaítear ar liúntais chomhchosúla a fhaightear ó áiteanna eile a asbhaint nó ar éifeachtaí féideartha maidir le breisithe ar phá EDP atá ann cheana a laghdú i mBallstáit áirithe). Caithfear na costais bhreise seo a mheas mar chuid de phléití buiséadacha bliantúla amach anseo.

Is é Seomra V, faoi cheannas Tony Murphy (Comhalta den Chúirt Iniúcháirí), a ghlac an Tuairim seo i Lucsamburg an 21 Iúil 2021.

*Thar ceann na Cúirte Iniúcháirí*



Klaus-Heiner Lehne  
*Uachtarán*